

—1997—

# Uraiceacht na gCorcaíoch: Sliocht Sleachta *Innti*

Tadhg Ó Dúshláine

(CATHAOIRLEACH: CAOILFHIONN NIC PHÁIDÍN)

Aon uair amháin ina shaol, go bhfios dom, a thug Seán Ó Ríordáin turas ar Choláiste Phádraig, Maigh Nuad: i léachtlan Callan a bhí sé, thart ar an mbliain 1970, mar chuid de chomóradh an Athar Peadar, agus é ag gabháil leithscéil as an dtalamh beannaithe sollúnta sin a thruailliú. Agus braithim go mb'fhéidir gurb é an leithscéal céanna a bheadh aige ar an ócáid bhliantúil, oifigiúil, acadúil seo sa léachtlan chlasaiceach seo in Áras Newman. Agus chomhairleodh an fear léinn a chastar orainn sa tslí a sheachaint lena dhioscúrsa a bhain le caighdeán agus canónú agus cumhacht acadúil. Óir bhí fán fada ar éinne, dar leis, a cheap gurb é an Corcaíoch is fearr a aithníonn Corcaíoch eile, gan laistiar dó ach miotas na rúndiamhaireachta a chothaigh siad féin d'fhonn dallamullóg a chur ar lucht taighde, faoi mar a dhein dúchasaigh na Polainéise leis an antraipeolaí Margaret Meade, nó níos giorra do bhaile, oibrithé ghrúdlann Murphy's leis an bhfoireann ón BBC a bhí ag déanamh sraith cláracha teilifíse ar chanúintí an Bhéarla ar fud an domhain agus go gcaithfidís thar áit ar bith eile—*pidgin* Nua-Ghinne agus *reggie* Mhuir Chairib san áireamh—fotheidil a chur le *patois* Chorcaí.

Bhí tamall sul ar thuigeas fáth chiotrúntacht seo an Ríordánaigh. Bhí an fear bocht cráite mar ná raibh sé de mhisneach aige a rá suas lena phus leis an Athair Tadhg Ó Murchú go raibh ré an Athar Peadar istigh, go raibh athbheochan eile agus caint na ndaoine de shaghas eile ar fad, ag eascair ar bhruach na Laoi a raibh baint nár bheag aige féin leis, a mbeadh trácht fada fairsing fós air amach anseo. Bhí an ceart aige sa bhfáistine liteartha sin agus, le fírinne, is beag in aon chor den bparóisteachas, den mblas áitiúil sin ná déanfadh ach véarsaíocht nó rannaireacht

ócáidiúil logánta di, a fhaighimid i bhfilíocht na gCorcaíoch i gcoitinne. Agus an béarlagar sin féin go minic is glan amach as an aigne dhúchais a fháiscítear í. An líne ‘Hey Bazzboy! Baldy Ballocks!’ (SSU 33) le Louis de Paor, mar shampla, nach Béarla ná Gaeilge í ach iarracht ar an dá thrá a fhreastal leis an bhfocal ‘bazzey’; *esparento* de chuid na gCorcaíoch, a mhacallaíonn siar go dtí ár n-óige sráide féin, fáiscithe as ‘bearradh gruaige’ na Gaeilge. Ar an gcuma chéanna ’sí an tuiscint thraidisiúnta dúchais atá laistiar de línte mórtasacha Cholm Breathnach, ‘Ag teacht aníos arís / ó Bhaile Átha Cliath / go Corcaigh dúinn...’ (FB 36). Má tá tú lasmuigh de Chorcaigh tá tú thíos faoin dtír, fiú más é Bleá Cliath féin é. Is tuiscint na Gaeilge í sin nach bhfaightear i mBéarla Chorcaí, go bhfios dom. Go fiú allagar sráide Liam Uí Mhuirthile agus líne mar ‘Ag moladh na sciortaí a ngabhaimis tharstu’, i ‘bPortráid Óige III, *do Lizzie Hennessy*’ (TC 56), ní fás aon oíche ó ‘fine bit of skirt’ an Bhéarla é sin ach deisbhéaláí a raibh dúchasú déanta air ag Dáiví de Barra, ón Woodstock eile sin láimh le Carraig Tuathail in *Corraghliocas na mBan Léirmbínithe* ón mbliain 1857/8: ‘Ná tuig agat féin go dtubhradh claonfhéacaint ghrámhar mná teideal duit chum dul ina sciortaí, ar an ábhar is féidir leo féachaint ar thaobh díobh agus a gcroí ’bheith ar thaobh eile.’<sup>1</sup> Chun an Dáiví céanna a chuir Ristead Mac Gearailt barántas cúnta i bhfoirm bhréag-tóraíochta ar Rathaileach éigin a ghoid glasraí Dháiví. Ag seo cuid na cathrach di:

Chuardaíos *Shandon Street* suas  
is ard an Gheata Nua  
agus Bóthar na Blarnan.  
Chuardaíos fá thuirse,  
bun Ghabhal an Spurra,  
gach cúinne is lána.  
Chuardaíos go ceart  
Léitrim amach  
is *Youghal Lane* dó.  
Ghabhas an Droichead Nua isteach,  
's an tSráid Mhór ó dheas,  
gur chuardaíos *Cove Lane* dó.

Do chuardaíos go ceart  
an *South Mall*,  
agus *Shitten Lane* dhó.  
D'imíos ag rith  
trí *Parliament Bridge*  
is chuardaíos *Barrack Hill* go léir dhó.  
Do chuardaíos na *Flags*  
agus an Leathan ó dheas  
agus an *Change* dhó.  
Níor fhágas aon tigh